**Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CHAP(2013)2870 – Mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith bainte as conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile - uasdátú mhí na Samhna 2021**

Tagraíonn an Coimisiún Eorpach don tsraith gearán a fuair sé maidir leis an mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith bainte as conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile.

Is iad seo a leanas na conarthaí agus na fostaithe lena mbaineann:

- baill foirne atá fostaithe i bhfondúireachtaí ceoldrámaíochta agus ceolfhoirne na hIodáile;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le múinteoirí agus le baill foirne cúnta de chineál riaracháin agus teicniúil chun folúntais shealadacha a líonadh;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le baill foirne cúraim sláinte, ar a n-áirítear bainisteoirí, sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le hoibrithe in earnáil an ardoideachais san ealaín, sa cheol agus sa damhsa, earnáil arb é an Ministero dell'Istruzione Università e Ricerca ('MIUR'), an Aireacht um Oideachas, um Ollscoileanna agus um Thaighde, atá ina údarás maoirseachta uirthi;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích i gcomhréir le Dlí Uimh. 240 an 30 Nollaig 2010. I nDlí Uimh. 240 an 30 Nollaig 2010, tá rialacha maidir le heagrú ollscoileanna, agus maidir le pearsanra acadúil agus maidir lena n-earcú;
- caidrimh fostaíochta idir fostóirí in earnáil na talmhaíochta agus oibrithe ar chonarthaí téarma shocraithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 12, fomhír 2 de Fhoraithne Reachtach Uimh. 373 an 11 Lúnasa 1993;
- gairm chun seirbhíse ar fhoireann dheonach na briogáide náisiúnta dóiteáin.

Tá dlí na hIodáile scrúdaithe ag an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le clásal 4 agus clásal 5 den Chreat-Chomhaontú a bheith á gcomhlíonadh ag an dlí sin, agus tá sé tagtha ar an gconclúid nach gcomhlíonann sé na forálacha sin. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig an Iodáil an 17 Iúil 2019. Maidir le tuilleadh faisnéise a fháil ar an nós imeachta sin, díríonn an Coimisiún aird ar an bpreaseisiúint a d'eisigh sé an 25 Iúil 2019[1].

An 3 Nollaig 2020 chuir an Coimisiún litir fhorlíontach fógra fhoirmiúil chuig an Iodáil, ós rud e nach raibh na mínithe a thug an Iodáil ina freagraí ar litir thosaigh an fhógra fhoirmiúil i mí Iúil 2019 sásúil.

Thug an Iodáil freagra ar an litir fógra fhoirmiúil bhreise, ach bhí roinnt saincheisteanna doiléir fós. Dá bhrí sin, tionóladh cruinniú leantach le húdaráis na hIodáile i samhradh 2021. Tar éis an chruinnithe sin, thug údaráis na hIodáile freagra eile ar an litir fógra fhoirmiúil bhreise i bhfómhar 2021.

Tá anailís á déanamh ar an bhfreagra sin fós.

Féadfaidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe a eisiúint má bhíonn na casaoidí uile nó cuid díobh fós gan réiteach.

[1] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/inf_19_4251

Coinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas tríd an suíomh gréasáin seo[2] faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh i leith an nós imeachta um shárú sin.

[2] https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/contact/problems-and-complaints/how-make-complaint-eu-level/joining-similar-complaints/decisions-multiple-complaints_en